**Nóta faisnéise maidir le Measúnuithe Riosca Sláinte Poiblí do Scoileanna agus Ranganna Speisialta**

- De réir mholtaí ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí, comhaontaíodh nach molfar a thuilleadh ón 27 Meán Fómhair 2021 rianú teagmhálaithe uathoibríoch a dhéanamh ar dhlúth-theagmhálacha neamhshiomptómacha i measc leanaí os cionn 3 mhí agus níos lú ná 13 bliana, in áiseanna Luathfhoghlama agus Cúraim, in áiseanna Cúram Leanaí d'Aois Scoile, ná sa bhunoideachas ná i ngrúpaí sóisialta agus spóirt.

- Cuirfear cásanna agus ráigeanna i suíomhanna riachtanas oideachais speisialta (scoileanna speisialta agus ranganna speisialta), agus in áiseanna cúram faoisimh faoi bhráid na n-údarás sláinte poiblí i gcónaí chun comhairle a fháil maidir le **measúnú riosca sláinte poiblí**.

- **Is é aidhm an mheasúnaithe riosca poiblí seo na chéad chéimeanna eile a shainaithint ar mhaithe le leas na leanaí go léir sna suíomhanna seo. Aithnítear leis seo go bhfuil dóchúlacht níos airde ann go mbeidh leanaí le leochaileachtaí míochaine sna suíomhanna seo mar aon le leanaí a bhféadfadh deacrachtaí níos mó a bheith acu le bearta um chosc agus rialú ionfhabhtaithe. Mar sin féin, is é an prionsabal soiléir ó thaobh na sláinte poiblí de ná gur chóir go leanfadh leanaí nach bhfuil breoite de bheith ag freastal ar an scoil nó ar áis cúram leanaí nuair is féidir.**

- Déanfaidh speisialtóirí sláinte poiblí measúnú riosca sláinte poiblí ar an suíomh i dtrácht agus ar na tosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar riosca ionfhabhtaithe agus is iad dochtúirí sláinte poiblí a dhéanfaidh an cinneadh ar na chéad chéimeanna eile. Cuirfear na céimeanna sin in iúl don scoil agus do thuismitheoirí lena mbaineann. Is dócha go mbeidh sé seo teoranta do chomhairle maidir leis an mbealach is fearr chun daoine eile a chosaint sa suíomh uathúil sin, agus ní gá go mbeidh eisiaimh mar thoradh air.

- Glactar leis agus tuigtear nach bhfuil leochaileachtaí míochaine ag gach leanbh i scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta agus, faoi réir aon tosca eile sa mheasúnú riosca a d'fhéadfadh riosca níos airde d'ionfhabhtuithe Covid-19 a thaispeáint, beartaítear na próisis atá i bhfeidhm i suíomhanna oideachais neamh-speisialta maidir le bainistíocht dlúth-theagmhálacha a chur i bhfeidhm.

- I gcás ina n-aithníonn an measúnú riosca sláinte poiblí riosca, is féidir go n-aithneofar leanaí áirithe mar dhlúth-theagmhálacha agus go mbeidh orthu srian a chur lena ngluaiseachtaí.

- Sna cásanna seo ní cheanglófar ar leanaí a gcuid gluaiseachtaí a shrianadh ach ar feadh **cúig lá** agus tabharfar tástáil COVID-19 amháin dóibh. Déanfar é seo chun an tréimhse bhreathnóireachta a theastaíonn do leanaí le haghaidh comharthaí ionfhabhtaithe a chothromú le tástáil ag an am is ábhartha, ach gan gluaiseachtaí srianta agus an dochar a dhéantar do leanaí ó na srianta seo a mhéadú.

- Ag teacht leis seo, is féidir le leanbh ar bith atá ag srianadh a ghluaiseachtaí faoi láthair filleadh ar a scoil nó ar shuíomhanna eile ón Luan an 27ú lá, nuair a bheidh 5 lá de ghluaiseachtaí srianta curtha isteach acu ón uair a nochtadh iad do chás den uair dheiridh, fad is nach bhfuil aon chomharthaí nua orthu a bheadh ina n-údair imní.

- Tuigtear go bhfuil sé an-dúshlánach do leanaí agus dá dteaghlaigh tástálacha den sórt sin a éileamh do leanaí áirithe atá ag freastal ar na suíomhanna seo agus ní bheifear in ann tástáil den sórt sin a dhéanamh.  Ní dhéanfaidh sé seo difear don tréimhse ama dá srianta, ná fad a chur leis. Chomh fada is nach mbeidh aon ghéarchomharthaí nua orthu a bheadh ina n-údair imní, féadfaidh siad filleadh tar éis a dtréimhse bhreathnóireachta 5 lá.

- Meabhrófar do scoileanna agus do thuismitheoirí freisin go bhfuil bunghalair ainsealacha ar go leor leanaí le RSO atá ina mhacasamhlacha de chuid de chomharthaí Covid-19. Sna cásanna seo, nuair is eol na comharthaí sin a bheith ina ngné shláinte leanúnach ag an leanbh, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar fhreastal an linbh ar scoil. Ba chóir do thuismitheoirí agus do scoileanna díriú ar **ghéarchomharthaí nua** Covid-19 i leanaí den sórt sin agus más ann dóibh, ba chóir an leanbh a choinneáil sa bhaile ón scoil.

- Is é an cuspóir soiléir agus sainráite go leanfar de mheasúnú riosca sláinte poiblí a dhéanamh i scoileanna agus i ranganna speisialta nó cúram faoisimh srl. ná tacú leis na suíomhanna sin nuair a bhíonn cás dearfach Covid-19 ann agus nuair is dóichí ná a mhalairt go mbeidh bunghalar ar leanaí ann agus nuair is gnách teagmháil níos dlúithe a bheith ann leis na leanaí.  Is iad speisialtóirí sláinte poiblí a dhéanfaidh aon chinneadh

iarraidh ar leanaí sna suíomhanna seo srian a chur ar a ngluaiseachtaí agus ní ábhar do chinneadh scoile a bheidh ann.